

2018

**TUARASCÁIL
BHLIANTÚIL**



UACHTARÁN

Geraldine Tallon Uas.
Iar-Ardrúnáí
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

LEAS-UACHTARÁIN

Martin Fraser

Robert Watt

**BALLRAÍOCHT
AN BHOIRD**

Martin O'Halloran (Cathaoir)
Marian O'Sullivan (Ard-stiúrthóir)
Elizabeth Adams (Ar scor Meán Fómhair 2018)
Raymond Dolan
Lucy Fallon-Byrne
Pat Gallagher
Carolyn Gormley

Connie Kelleher (Ar scor Meán Fómhair 2018)
Paul Lemass
Fergal Lynch
Stephen Mulvany
Pat Naughton
Siobhan O'Halloran

FOCHOISTÍ AN BHOIRD**AN COISTE
AIRGEADAIS
AGUS STRAITÉISE**

Martin O'Halloran (Cathaoir)
Carolyn Gormley
Fergal Lynch

Stephen Mulvany
Marian O'Sullivan

**COISTE
RIARACHÁIN**

Martin O'Halloran (Cathaoir)
Elizabeth Adams (Ar scor Meán Fómhair 2018)

Raymond Dolan
Pat Gallagher

**COISTE
INIÚCHÓIREACHTA
AGUS RIOSCA**

Raymond Dolan (Cathaoir)
Elizabeth Adams (Ar scor Meán Fómhair 2018)
Paul Lemass

Fergal Lynch
Pat Naughton
Siobhan O'Halloran

**COISTÍ AN
FHORAIS RIARACHÁIN****AN COISTE
OIDEACHAIS**

Frank Murray (Cathaoir) (D'éag 2018)
Moling Ryan (Cathaoir) (Ceaptha 2018)
Dermot Clynes
Tony Donohoe
Kevin Foley
Aidan Horan
Rory McCorley
Ian McKenna
Oonagh McPhillips (Ar scor Feabhra 2018)

Michael Mulreany
Seamus Neely
Margaret Nugent
Denis O'Brien
Doncha F. O'Sullivan (Ceaptha Feabhra 2018)
Marian O'Sullivan
John Twomey (Ar scor Feabhra 2018)

**AN COISTE UM
FHOILSITHEOIREACHT
LEABHAR**

Maurice Manning (Cathaoir)
Richard Boyle
Dónal de Buitléir
Tom Fennell

Philip Hamell
Paul Haran
Blathna Ruane



AN FORAS RIARACHÁIN

57 - 61 Bóthar Lansdún,
Baile Átha Cliath D04 TC62
Guth.: + 353 1 240 3600
Facs: + 353 1 668 9135
information@ipa.ie
www.ipa.ie

CLÁR ÁBHAR

TUAIRISC ÓN ARD-STIÚRTHÓIR & Ó CHATHAOIRLEACH AN BHOIRD	05
OIDEACHAS	08
TAIGHDE	10
OILIÚINT & FORBAIRT	13
SEIRBHÍŚÍ IDIRNÁISIÚNTA	16
LEABHARLANN & SEIRBHÍŚÍ EOLAIS	18
FOILSITHEOIREACHT	20
BUAITEOIRÍ GRADAM & DUAISEANNA	23
FOR-ROCHTAIN	28
FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS	30
BAINISTÍOCHT SHINSEARACH AN FHORAIS	32





01

TUAIRISC ÓN
ARD-STIÚRTHÓIR &
Ó CHATHAOIRLEACH AN BHOIRD

TUAIRISC ÓN ARD-STIÚRTHÓIR & Ó CHATHAOIRLEACH AN BHOIRD



Martin O'Halloran

Martin O'Halloran
Cathaoirleach



An Dr Marian O'Sullivan

An Dr Marian O'Sullivan
Ard-Stiúrthóir

Cuireadh an Foras Riaracháin ar bun i mí na Samhna 1957. Tá sé bródúil as an misean agus an ról ar leith atá aige maidir le meascán fíor-speisialta d'oideachas, oiliúint, taighde, foilsitheoireacht, comhairleoireacht agus seirbhísí eile nach iad a chur ar fáil don earnáil phoiblí in Éirinn agus thar lear araon. Mar thoradh ar an gcur chuige tras-earnála cinntítear go bhfuil meon uathúil atá dírithe ar an rialtas ina iomláine ag an bhForas i leith gach rud atá dtugaimid faoi. Dúshlán leanúnach is ea a chinntiú go seachadtar seirbhís phoiblí den scoth go seasmach agus minic a bhíonn sé ina hábhar díospóireachta. Tá an Foras ag féachaint le cur le feidhmíocht na Seirbhíse Poiblí thar na blianta agustá sé ag iarraidh a bheith mar bhonn eolais aici agus é a phlé.

Tugann an tuarascáil bhlíantúil deis machnaimh ar a bhfuil bainte amach ag an bhForas le dhá mhí dhéag anuas agus sinne

ag ceiliúradh seasca bliain ar an bhfód. Tugann sé deis leis, aitheantas a thabhairt do na hardleibhéil proifisiúntachta, tiomantais agus don obair chrua atá déanta ag foireann den chéad scoth agus ag Cathaoirleach agus Bord an Fhorais Riaracháin. Tá sé den tábhacht go ndéanfimid bliain inar éirigh go maith linn ar an iomlán a cheiliúradh agus go dtabharfaimid aitheantas di.

Idir 2001 agus 2011 bhí an Foras Riaracháin ina choláiste aitheanta de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann. Idir 2011 agus 2018 bhí an Foras Riaracháin ina choláiste aitheanta de chuid Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. In 2018 thosaigh an Foras arís mar choláiste aitheanta de chuid ONÉ. Gheobhaidh miocléinn a chláraigh i gclár oideachais ó Mheán Fómhair 2018 cáilíochtaí a bheidh creidiúnaithe ag COBÁC. Reachtáladh an searmanas bronnta do chlár atá creidiúnaithe ag COBHÁC ar an 14 Nollaig 2018 Nollaig, tráth ar bronnadh dámhachtaí ar 980 gcéimí. Bronnadh teastais ó COBHÁC ar 616 mhacléinn eile. Sa bhliain 2018 lean an Foras ar aghaidh ag cur ar fáil clár clár do mhicléinn idirnáisiúnta leis. Bhí breis is caoga mhacléinn ó choláistí sna S.A. rannpháirteach i gclár intéirneachta parlaiminte. Chríochnaigh fiche mhacléinn ó na Séisil an MA i gCeannaireacht agus Straitéis agus rinne breis is céad mhacléinn ó Ollscoil Nanchang staidéar ar an gClár Dioplóma i Staidéar Gnó.

Tá ár gcuid clár, idir chlár chéime agus chlár iarchéime, dírithe ar scileanna agus eolas speisialtóra a sholáthar mar aon le tuiscint ar bhonn leathan ar bheartas poiblí, scileanna anailíse agus deis dul ar aghaidh ó dhámhachtaí leibhéil 6 suas chuig leibhéal 10 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí. Tairgeadh ár gclár i dtír mhodh seachadta difriúla: léachtaí sa bhForas Riaracháin, léachtaí ag an bhForas, léachtaí in ionaid réigiúnacha agus trí chianoideachas/foghlaím chumaisc. Ar an iomlán, bhí breis is 1,340 mhacléinn cláraithe inár gcuid clár céime in 2018.

Bliain choiteann is ea an chéad bhliain de chlár MA an Fhorais, agus bronnar Dioplóma larchéime i mBainistíocht Phoiblí ina taobh. Sa dara bliain, gabhann na miocléinn ar aghaidh chuig sainréimse agus tá rogha seacht gceann ar fáil dóibh. In 2018 bhí 185 mhacléinn san iomlán cláraithe ar chlár Mháistreachta Ealaíon. Cuireadh tús leis an gclár Dochtúireachta i Rialachas in 2003 agus in 2018 bhí cúigear mhacléinn is tríocha cláraithe ar an gclár Dochtúireachta.

Tá foireann bheag, lánaimseartha, thiomnaithe ag an bhForas Riaracháin atá ag tabhairt faoi thaighde feidhmeach do ranna rialtais agus comhlachtaí eile de chuid na hearnála poiblí.

In 2018 leanadh ar aghaidh leis an tsraith taighde ar 'Bail na Seirbhíse Poiblí' agus leis an tsraith taighde 'Rialtas Áitiúil' atá idir lámha ag an bhForas. Lena chois sin thug an Foras isteach sraith d'Fhaisnéisithe Léargais (Insight Briefs). Rinneadh cúig Fhaisnéisiú Léargais in 2018 a phléigh gnéithe de chleachtas na bainistíochta poiblí. Is ea is aidhm don tsraith faisnéisithe atá idir leathanach amháin agus dhá leathanach ar fhad a sholáthar do bhainisteoirí gnóthacha faoi ábhair speise maidir le bainistíocht agus beartas poiblí. Tá na faisnéisithe seo ar fáil ag <https://www.ipa.ie/research-papers/insight-briefs.4014.html>

Faoin tsraith 'Bail na Seirbhíse Poiblí' foilsíodh dhá thuarascáil in 2018:

- *A Case Study of the EPA-RPII Merger* le Joanna O'Riordan, ar fáil le haghaidh íoslódála ag https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/EPA_RESEARCHREPORT_2018.pdf
- *Public Sector Trends 2018* le Richard Boyle, ar fáil le haghaidh íoslódála ag https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/PUBLICSECTORTRENDS2018.pdf

Faoin tsraith 'Rialtas Áitiúil' críochnaíodh dhá thuarascáil agus foilsíodh iad:

- *Local Government as Local Service Coordinator: Case Study of Ireland's Age Friendly Cities and Counties Programme* le Laura Shannon, ar fáil le haghaidh íoslódála ag https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/LOCALGOV_no14.pdf
- *Local Economic Development: An Overview of the Economic Development Role of Local Authorities in Selected Jurisdictions* le Laura Shannon, ar fáil le haghaidh íoslódála ag https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/LocalEconomicDev_2018.pdf

De réir straitéis foilsitheoireachta an Fhorais atá faoi mhaoirseacht an Choiste Foilsitheoireachta Leabhar críochnaíodh roinnt téacsanna nó faomhadh i gcomhair foilsithe iad:

Áirítear orthu seo:

- *Envoy Extraordinary: Professor Smiddy of Cork* le Eda Sagarra;
- *No Artificial Limits: Ireland's Regional Technical Colleges* le Richard Thorn;
- *Judicial Power in Ireland* le Eoin Carolan (eag.);
- *Local Government in the Republic of Ireland* le Mark Callanan;
- *Irish Parliamentarians: Deputies and Senators 1918-2018* le Anthony White.

Sa Rannóg Oiliúna cuireann an Foras réimse leathan idirghabhálacha foghlama



Noreen Fahy, FCCA, Saineolaí Sinsearach Rialachais & Airgeadais, An Foras Riaracháin, ag caint ag ócáid Fóraim an Fhorais, 'Assurance Frameworks and Expectations – Sources of Assurance for Boards and Senior Executives'.



Sa phictiúr (c-d) ag seoladh *Judicial Power in Ireland* i láthair bhí an Dr Michael Mulreany, Ard-Stiúrthóir Cúnta & Cláráitheoir, An Foras Riaracháin; Eoin Carolan, eagarthóir *Judicial Power in Ireland*; aoi oinigh an tOnórach an Breitheamh Frank Clarke, Príomh-Bhreitheamh; agus an Dr Richard Boyle, Ceann Taighde, Foilsitheoireacht & Caidrimh Chorpóraideach, An Foras Riaracháin.

agus forbartha sainoiriúnaithe, cúrsaí poiblí agus seirbhísí speisialaithe ar fáil i réimsí na ceannaireachta agus bainistíochta earnála poiblí, bainistíocht acmhainní daonna, rialachas, cuntasáiocht, bainistíocht airgeadais, iniúchóireacht, bainistíú tionscadail agus clár agus teicneolaíocht an eolais lena n-áirítear clár chreidiúnaithe as a leanann ballraíocht fhoirmiúil le comhlachtaí proifisiúnta. Le linn 2018 bhí an Foras ag obair i gcomhar le mórán ranna rialtais, údaráis áitiúla, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí stáit, comhlachtaí oideachais agus leis an earnáil neamhbhrabúis chun clár shainoiriúnaithe a cheapadh agus a sheachadadh. Orthu siúd áirítear Forbairt Ghráid do na gráid seo sa Státseirbhís: Oifigeach Feidhmiúcháin, Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus Príomhoifigeach Cúnta; Forbairt Ceannaireachta agus Bainistíochta; Rialachas; Bainistíú Riosca; Iniúchóireacht agus Árachas; Iniúchóireacht Inmheánach; Bainistíú agus Cuntasáiocht; TF agus Cibearshlándáil; Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus Cosaint Sonraí; Bainistíú Tionscadail; Dlí Riaracháin; Scileanna Seomra Cúirte; Éifeachtacht Phearsanta; Earcú agus Roghnú; Gearán agus Smacht; Bainistíú Feidhmíochta; agus Bainistíú Acmhainní Daonna.

Lean an Foras air ag tairiscint clár i gcomhair ballraíochta foirmiúla comhlachtaí gairmiúla lena n-áirítear MII (Institiúid Eadránaithe na hÉireann) agus CIPD (Institiúid Chairte um Phearsanra agus Forbairt) chomh maith le clár iniúchóireachta creidiúnaithe le CIPFA (Institiúid Chairte Airgeadais agus Cuntasáiochta). Lean an Foras air, i gcomhpháirtíocht le Gníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil, ag feidhmiú i ról meantóireachta don díorma céimithe rialtais áitiúil a bhí fágtha. Mheall ár gClár Dúshlán Ceannaireachta (Leadership Challenge) bainisteoirí sinsearach a ó gach earnáil den tseirbhís phoiblí, rialtas láir agus rialtas áitiúil agus na hearnálacha leathstáit san áireamh.

Lean an Fóram Rialachais air i mbun fáis agus foráis mar fhreagra don líon mór saincheisteanna agus dúshlán i dtaobh rialachais ar chaith na baill aghaidh a chur orthu. Reáchtáladh cúig imeacht déag san iomlán ag an bhForas. I bhfeilire na n-imeachtaí pléadh a lán saincheisteanna reatha maidir le rialachas. Bhí béim ar leith ar na téamaí seo a leanas: Tuairiscíú Feidhmíochta Straitéisí; Cultúr, Iompar agus Eitic Rialachais; Bainistíú Riosca agus Inghlathacht Riosca; Coistí Iniúchóireachta agus Ionchais ag Ardú; Cur i bhFeidhm Straitéise; Creatlacha Árachais agus Socruithe Cuntasachta; Róil agus Freagrachtaí Baill an Bhoird; Éifeachtacht Boird a Mheasúnú agus a Fheabhsú; Bainistíú Clú agus na Meáin; Airgeadas do Bhaill an Bhoird; agus Caidreamh idir Roinn agus Gníomhaireacht. De bheis ar chlár na n-imeachtaí tionóladh dhá imeacht speisialta comhstádaís do rúnaithe boird agus do chathaoirigh coistí iniúchóireachta. Tugadh comhairle phraiticiúil a bhaineann le hábhar agus forbheathnú ar fhorbairtí reatha sna príomhréimsí rialachais seo.

Le linn 2018 lean Seirbhís Idirnáisiúnta lena sainchúram, is é sin, riarachán poiblí éifeachtach a chur chun cinn agus a fhorbairt go hidirnáisiúnta agus barrchleachtas a thaispeáint ó sheirbhís phoiblí na hÉireann. Threisíomar ár gcaidreamh le comhpháirtithe straitéiseacha atá againn cheana féin agus rinneamar comhghuallachtaí nua, leis. Leanann Seirbhís Idirnáisiúnta de bheith ag seachadadh maidir le clár tacaíochta do na Balcáin Thiar atá á mhaoiniú ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Lena chois sin tá comhpháirtíocht déanta le Seirbhís Idirnáisiúnta leis, le ÉNA (École Nationale d'Administration) chun tionscadal a chur i bhfeidhm i dteanna a chéile i Scoil Náisiúnta an Riaracháin Phoiblí sa Rómáin, d'fhonn leibhéal a chuid seirbhísí a chur chun cinn ar an iomlán agus chun inniúlachtaí nua a chothú.

Mar thoradh ar a chuid oibre in 2017 ar an tionscadal "EuropeAid" "Cúnamh Teicniúil maidir le hInstitiúidí Oilíúna na Státseirbhíse Náisiúnta i Maenmar" bhí an Foras Riaracháin mar óstach do thoscaireacht oifigeach ón mBord Státseirbhíse an Aontais go hÉirinn i mí Bhealtaine 2018.

Caidreamh straitéiseach idir an bhForas Riaracháin agus Oifig na Státseirbhíse Lean Coimisiún (OCSC) Ríocht Ríoga na Téalainne ag fás agus ag forbairt le linn 2018. I mí Aibreáin bhuaill bainistíocht shinsearach an Fhorais le toscaireacht shinsearach ón OCSC faoi cheannas an Leas-Phríomhaire, an tUas. Wissanu Krea-ngam ó Ríocht Ríoga na Téalainne. Ina dhiaidh, i mí Iúil, tháinig cúigeard stáitseirbhíseach déag ón Téalainn ar cuairt chun freastal ar chlár coicise ar Ard bhainistíocht agus Ardcheannaireacht Poiblí.

Tháinig cobhsú ar chúrsaí airgeadais agus líon foirne an Fhorais le linn 2018. Cuireadh feidhmíocht airgeadais mhaith i dtaifead. Is pribhléid é don bhForas foireann fhíorchumasach phroifisiúnta thiomanta a bheith aige, mar aon le lucht láidir comhghleacaithe. Tá an fhoireann thar a bheith tábhachtach chun ár misean agus ár bhfís a chur i gcrích. Táimid tiomanta do thacú lenár bhfoireann maidir lena bhforbairt, idir ghairmiúil agus phearsanta, chun deis a thabhairt dóibh a gcuid oibre a dhéanamh go sármaith agus chun rudaí a bhaint amach i dtaobh riachtanais na seirbhíse poiblí atá ag athrú. Lean speisialtóirí an Fhorais orthu ag tacú le réimse leathan eagraíochtaí a raibh ag athrú mar chuid den bpróiseas athchóirithe ginearálta. Áirítear orthu eagraíochtaí sa rialtas lárnach agus sa rialtas áitiúil, gníomhaireachtaí na hearnála leath-stáit agus comhlachtaí leasa poiblí. Tugadh an tacaíocht dóibh mar idirghabhálacha gairide foghlama agus forbartha, comhairle saineolaí, tacaíocht chomhairleach agus cóitseáil fheidhmeannach.

02

OIDEACHAS



OIDEACHAS



An Dr Michael Mulreany
Ard-Stiúrthóir Cúnta

Is é an Foras Riaracháin an príomh-shainsoláthraí oideachais don tseirbhís phoiblí in Éirinn. Tá tábhacht ar leith ag baint le seirbhísí oideachais an Fhorais i láthair na huaire ina bhfuil athnuachan agus athrú ar siúl sa tseirbhís phoiblí. Is é is aidhm dár gcláir sainscileanna agus saineolas, tuiscint leathan ar bheartas poiblí, scileanna anailíse agus an



Sa phictiúr (c-d) ag searmanas bronnata an Fhorais 2018 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Claire Rowe, Diplóma Iarchéime i nGnó agus Bainistíocht; Renee O'Reilly, MA i mBainistíocht Phoiblí; agus Karen Harvey, MA i gCeannaireacht agus Straitéis.

deis dul ar aghaidh ó dhámhachtainí leibhéil 6 suas go leibhéal 10 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí a chur ar fáil. Tá na clár ceaptha leis, chun seirbhís sholúbtha phearsantaithe a chur ar fáil d'fhonn éascaíocht a dhéanamh do mhicléinn atá ag obair go lánaimeartha agus chun tacú leo. Sa chomhthéacs seo tá tábhacht ar leith ag baint le soláthar tacaíochta ar líne do mhic léinn. Le blianta beaga anuas tá níos mó daoine ag tabhairt faoi chlár oideachais gach bliain.

Sa bhliain 2018 lean an Foras air ag soláthar seirbhísí do mhicléinn idirnáisiúnta. Bhí breis is seasca mac léinn ó choláistí sna S.A. rannpháirteach i gclár intéirneachta parlaiminte, bhain fiche mac léinn ó na Séiséal MA i gCeannaireacht agus Straitéis amach agus rinne breis is céad mac léinn ó Ollscoil Nanchang staidéar ar an gclár Diplóma i Staidéar Gnó.

CLÁIR CHREIDIÚNAITHE DE CHUID OLLSCOIL NÁISIÚNTA NA hÉIREANN AGUS CHOLÁISTE OLLSCOILE BHAILE ÁTHA CLIATH

Idir 2001 agus 2011 bhí an Foras Riaracháin ina choláiste aitheanta de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann. Idir 2011 agus 2018 bhí an Foras Riaracháin ina choláiste aitheanta de chuid Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. In 2018 thosaigh an Foras Riaracháin arís mar choláiste aitheanta de chuid ONÉ. Gheobhaidh micléinn a chláraigh i gclár oideachais ó Mheán Fómhair 2018 cáilíochtaí a bheidh creidiúnaithe ag ONÉ. Reáchtáladh an searmanas bronnata do chlár chreidiúnaithe ar an 14 Nollaig 2018. Bronnadh dámhachtain ar 980 gcéimí. Bronnadh teastais ó COBHÁC ar 616 mhaicléinn eile.

Sa bhliain 2018 thairg an Foras sraith de chlár chéime agus iarchéime a chuimsigh gach leibhéal ó leibhéal 6 go leibhéal 10 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí, mar seo a leanas:

CLÁIR CHÉIME

Tairgeadh na príomhchlár, is iad sin an Baitsiléir Ealaíon (Onór.) agus an Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór.), i dtrí mhodh seachadta difriúla: léachtaí sa bhForas Riaracháin, léachtaí sna hionaid réigiúnacha, agus trí chianoideachas/foghlaím chumaisc. Sa bhliain 2018 tairgeadh seacht gcinn de speisialtóireachtaí ar an gclár Baitsiléara Ealaíon (Onór.) agus ceithre cinn ar an gClár Baitsiléara Gnó (Onór.). Lena chois sin thairg an Foras réimse leathan clár teastais agus diplóma idir chlár staidéar dlí agus chlár staidéar ríomhaireachta agus idir chlár ar Údarás Áitiúil agus chlár Sholáthair Phoiblí. Tairgtear cuid de na diplómaí proifisiúnta i gcomhar le comhlachtaí rialtais. Clár bliana atá á thairiscint i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh is ea an Diplóma Gairmiúil i Staidreamh Oifigiúil le haghaidh Measúnú Beartais. Cuirtear an Diplóma Gairmiúil i gCearta an Duine agus Comhionannas ar fáil i gcomhar le Coimisiún Cearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann. Ar an iomlán, bhí breis is 1,340 mac léinn cláraithe inár gcuid clár céime in 2018.

CLÁIR IARCHÉIME

Bliain choiteann is ea an chéad bhliain de chlár MA an Fhorais, agus bronnar Diplóma Iarchéime i mBainistíocht Phoiblí ina taobh. Sa dara bliain, gabhann na micléinn ar aghaidh chuig sainréimse agus tá rogha seacht gceann ar fáil dóibh. In 2018 bhí 185 mac léinn san iomlán cláraithe ar chlár Mháistreachta Ealaíon.

Clár dhá bhliana is ea an Mháistreachta Eolaíocht Eacnamaíochta in Anailís Bheartais. Bronntar Diplóma Iarchéime in Anailís Bheartais ag deireadh na chéad bhliana. Sa chéad bhliain déanann na micléinn staidéar ar réimse ábhar a bhaineann le cúrsaí beartais agus bíonn siad ag obair ar thráchtas fheidhmeacha sa dara bliain. In 2018 chláraigh fiche mac léinn i mbliain a haon den gclár agus chláraigh deichniúr mac léinn i mbliain a dó.



Sa phictiúr ag searmanas bronnata 2018 an Fhorais i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Elizabeth Smith-Doughty, MA Bainistíocht Acmhainní Daonna agus a mac Jack.

Cuireadh tús leis an gClár Máistreachta Eolaíochta i nGnó agus Bainistíocht i mí Mheán Fómhair 2011. Clár páirtaimseartha dhá bhliana is ea an MSc seo. Bhain an chéad dream de chéimithe an chlár a gcuid céimeanna amach i mí na Nollag 2013. Cláraíodh ionghabháil nua de dhá mhaicléinn déag ar an gclár in 2018.

Clár a leanann ar aghaidh ar feadh bliana amháin is ea an Teastas Gairmiúil i Rialachas. Cuireadh ar fáil ar dtús é in 2011. Bhí breis is ochtó mac léinn cláraithe ar an gclár in 2018.

Cuireadh tús leis an gclár Dochtúireachta i Rialachas in 2003, agus bronnadh céimeanna ar an chéad grúpa céimithe in 2006. Idir 2003 agus 2011 bhí an clár Dochtúireachta i Rialachas á thairiscint i gcomhar le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste. Sa bhliain 2011 thug an Foras faoi shocrú chun an clár a chur ar fáil i gcomhar le COBÁC. Bronnadh a chéim ar an chéad chéimí den chomhchlár dochtúireachta de chuid an Fhorais Riaracháin agus COBÁC in 2015. Sa bhliain 2018 bhí cúigear mac léinn is tríocha cláraithe sa chlár dochtúireachta.

03

TAIGHDE

LOCAL GOVERNMENT AS LOCAL SERVICE COORDINATOR Case Study of Ireland's Age Friendly Cities and Counties Programme

LAURA SHANNON

LOCAL GOVERNMENT RESEARCH SERIES | NO 14
MAY 2018



TAIGHDE



An Dr Richard Boyle
Ceann Taighde,
Foilsitheoireachta agus
Caidrimh Chorpáide

Tá foireann bheag, lánaimseartha, thiomnaithe ag an bhForas Riaracháin atá ag tabhairt faoi thaighde feidhmeach do ranna rialtais agus comhlachtaí eile de chuid na hearnála poiblí. In 2018 leanadh ar aghaidh leis an tsraith taighde ar 'Bail na Seirbhíse Poiblí' agus leis an tsraith taighde 'Rialtas Áitiúil' atá idir lámha ag an bhForas. Leis na tionscnaimh seo, leantar an t-athrú ó bhonn ar an tseirbhís phoiblí agus soláthraítear léargas atá bunaithe ar fhianaise ar athruithe ar an tseirbhís phoiblí, rud a chuireann ar chumas an Fhorais cion rithabhachtach a chur leis na meáin agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí eile. Tá sé seo ag teacht leis an gcuspóir straitéiseach arb í bonn eolais a chur faoi phlé, faoi dhíospóireacht agus faoi chleachtas i dtaobh treo na seirbhíse poiblí mar atá sí faoi láthair agus mar a bheidh sí amach anseo.

Faoin tsraith 'Bail na Seirbhíse Poiblí' foilsíodh dhá thuarascáil in 2018:

A CASE STUDY OF THE EPA-RPII MERGER LE JOANNA O'RIORDAN

Leis an staidéar cáis seo déantar athbhreithniú ar chumasc na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil le hIar-Institiúid Radachosanta Éireann a tharla i mí Lúnasa 2014. Rinneadh an cumasc i gcomhthéacs clár forleathan inar laghdaíodh costas na seirbhíse poiblí agus cuíchóiríú ar ghníomhaireachtaí. Aithnítear go bhfuil sé ró-luath chun a bheith deimhin maidir le toradh fadtéarmach an chumaisc. Tar éis trí bliana a bheith istigh measadh é a bheith cuí áfach, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcumasc chun:

- an próiseas cumaisc a dhoiciméadú agus go háirithe chun aitheantas a thabhairt don obair shuntasach a bhí i gceist;
- an cumasc a phlé le foireann GCC agus réimsí a shainaithint ina bhfuil gá le comhdhlúthú i gcónaí; agus
- an fhoghlaím shuntasach atá bainte amach san nGCC mar thoradh ar an gcumasc a roinnt le comhlachtaí poiblí eile.

Is féidir an tuarascáil seo a íoslódáil ag https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/EPA_RESEARCHREPORT_2018.pdf

PUBLIC SECTOR TRENDS 2018 LE RICHARD BOYLE

Sa tuarascáil seo cíortar na treochtaí i bhforbairt na hearnála poiblí agus is í seo an naoú ceann inár sraith bhlíantúil í. Trí úsáid a bhaint as sonraí a tiomsaíodh ó roinnt foinsí éagsúla, cuirtear eolas i láthair ar mhéid agus costas na hearnála poiblí, cáilíocht an riaracháin phoiblí, éifeachtacht agus feidhmíocht, agus ar leibhéil iontaobhe agus muiníne ar shlí shimplí atá gear cruinn mar sin féin. Is féidir an tuarascáil a íoslódáil ag https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/PUBLICSECTORTRENDS2018.pdf

Faoin tsraith 'Rialtas Áitiúil' críochnaíodh dhá thuarascáil agus foilsíodh iad:

LOCAL GOVERNMENT AS LOCAL SERVICE COORDINATOR:

Case Study of Ireland's Age Friendly Cities and Counties Programme le Laura Shannon

Sa tuarascáil seo tugtar staidéar cáis ar an gClár um Chathracha agus Contaetha in Éirinn atá aois-bhách (an Clár AFCC) chun ról an rialtais áitiúil mar chomhordaitheoir na seirbhíse poiblí a léiriú. Ar aon dul le treochtaí idirnáisiúnta agus aistriú i dtreo rialachais líonraithe áitiúil tá níos mó cúramaí ag údarais áitiúla na laethanta seo as forbairt, idir fhorbairt eacnamaíochta agus fhorbairt pobail. Dá thoradh sin tá a ról mar chomhordaitheoirí seirbhíse áitiúla ag méadú.

Léirítear an treocht seo sa bhfís atá leagtha amach maidir le hathchóiriú ar chóras rialtais áitiúil na hÉireann: beidh an rialtas áitiúil ina phríomh-mheán rialachais agus seirbhíse poiblí ag an leibhéal áitiúil - beidh forbairt eacnamaíocht, shóisialta agus forbairt phobail á treorú aige; soláthróidh sé seirbhísí éifeachtacha dea-luacha; agus seasfaidh sé do shaoránaigh agus do phobail áitiúla go héifeachtach agus le cuntasacht. Is féidir an tuarascáil seo a íoslódáil ag https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/LOCALGOV_no14.pdf



LOCAL ECONOMIC DEVELOPMENT:


An Overview of the Economic Development Role of Local Authorities in Selected Jurisdictions le Laura Shannon

Sa tuarascáil seo cíortar ról rialtas fo-náisiúnta i bhforbairt eacnamaíoch áitiúil. Sa tuarascáil tugtar léargas gairid ar an gcás mar atá sé in Éirinn faoi láthair, sainaithnítear treochtaí idirnáisiúnta agus tugtar samplaí den ról um fhorbairt eacnamaíoch atá ag údarais áitiúla i ndlínsí eile. Is é an sainmhíniú a thugann an ECFE ar fhorbairt eacnamaíochta áitiúla 'gníomhaíocht leathan comhtháite ina nasctar forbairt fhisiceach áite leis an tseirbhís phoiblí, le bainistiú áite agus le tiománaíthe an athraithe go ginearálta cosúil le fostaíocht, scileanna, infheistiú, frontar, nuálaíocht, táirgiúlacht, cáilíocht bheatha agus láithriú'. Tá príomh-ról ceannaireachta ag an rialtas áitiúil sa chineál seo comhtháthaithe áitiúil. Tá an tuarascáil seo ar fáil le haghaidh íoslódála ag https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/LocalEconomicDev_2018.pdf

Ar na réimsí oibre eile a raibh an fhoireann taighde ag gabhail dóibh in 2018 áirítear:

- Faisnéisithe Léargais a thabhairt isteach. Rinneadh cúig Fhaisnéisiú Léargais in 2018 a phléigh gnéithe de chleachtas na bainistíochta poiblí. Is ea is aidhm don tsraith Faisnéisithe Léargais faisnéisithe gearra atá idir leathanach amháin agus dhá leathanach ar fhad a sholáthar do bhainisteoirí gnóthacha faoi ábhair spéise maidir le bainistíocht agus beartas poiblí. Tá na faisnéisithe ar fáil ag <https://www.ipa.ie/research-papers/insight-briefs.4014.html>

- *Better Together? Philanthropy and Government Lessons from The Atlantic Philanthropies and Irish Government Partnership-based Co-Investments.* Leis an tuarascáil seo críochnaítear mórstaidéar coimisiúnaithe do The Atlantic Philanthropies ar cheachtanna ó infheistíochtaí a rinne The Atlantic Philanthropies agus Rialtas na hÉireann le chéile ar bhonn comhpháirtíochta. Tá an tuarascáil ar fáil ag https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/Better_Together_Report.pdf
- *Public Administration Characteristics and Performance in EU28: Ireland.* Leis an bhfoilseachán seo cuirtear an rannchuidiú deiridh Éireannach ar fáil le haghaidh tionscadal atá coimisiúnaithe ag an AE dar teideal 'Support for Developing Better Country Knowledge on Public Administration and Institutional Capacity Building' (European Public Administration Country Knowledge – EUPACK).
- Measúnú ar Sprioc Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí d'Ionad Seirbhíse Éifeachtacha.
- Obair tacaíochta don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le hairead ar athchóiriú na hearnála poiblí. Áiríodh air seo ball foirne a cuireadh leis an nGrúpa Bainistíochta Seirbhíse Poiblí a bhí ag cur ar aghaidh na n-ocht mbeart déag sa phlean *Our Public Service (OPS) 2020* agus mar chathaoirleach ar an ngrúpa oibre um tháscairí OPS 2020.
- Obair tacaíochta d'atheagrú rialtais áitiúil i gCorcaigh. Thug an fhoireann taighde tacaíocht don nGrúpa Maoirseachta um Chur i bhFeidhm de chuid Rialtais Áitiúil Chorcaí.
- Eagarthóireacht iris an Fhorais, *Administration*, a gcuirtear ceithre eagrán de amach in aghaidh na bliana. Tagann coiste comhairlithe eagarthóireachta na hirise le chéile uair sa bhliain. Tá lucht acadúil mór-le-rá ag a bhfuil cúla bainistíochta poiblí agus polaitíochta ar an gcoiste seo.
- Foilsiú dhá eagrán den *Local Authority Times* agus trí eagrán den *EU News Bulletin* mar chuid de sheirbhís faisnéise d'údarais áitiúla ar fud na bliana.
- Ag cur le clár Oideachais & Oiliúna an Fhorais Riaracháin agus feidhmiú mar mhaoirseoirí tráchtas agus marcálaithe ar chlár iarchéime.
- Ag cur le Rannóg Foilsitheoireachta an Fhorais Riaracháin trí bheith bainteach le *Ireland – A Directory*, irisí agus leabhair.
- Foilseacháin acadúla in irisí idirnáisiúnta agus cur le leabhair idirnáisiúnta faoi bhainistíocht phoiblí.



04

OILIÚINT & FORBAIRT



OILIÚINT & FORBAIRT



Seán Fleming, TD, Cathaoirleach ar Choiste na gCuntas Poiblí, ag caint ag ócáid Fóraim Rialachais an Fhorais, 'Assurance Frameworks and Expectations – Sources of Assurance for Boards and Senior Executives'.

Cuireann an Foras réimse leathan idirghabhálacha foghlama agus forbartha sainoiriúnaithe, cúrsaí poiblí agus seirbhísí speisialaithe comhairleacha ar fáil i réimsí na ceannaireachta agus bainistíochta earnála poiblí, i mbainistíocht acmhainní daonna, rialachas, cuntasáocht, bainistíocht airgeadais, iniúchóireacht, bainistíocht tionscadail agus clár, agus i dteicneolaíocht faisnéise lena n-áirítear clár chreidiúnaithe as a leanann ballraíocht fhoirmiúil de chomhlachtaí gairmiúla. Le linn 2018 bhí an Foras ag obair i gcomhar le mórán ranna rialtais, údarais áitiúla, gníomhaireachtaí stáit, comhlachtaí oideachais agus leis an earnáil neamhbhrabúis chun clár shainoiriúnaithe a cheapadh agus a sheachadadh. Orthu siúd áirítear Forbairt Ghráid le haghaidh na ngrád seo: Oifigeach Feidhmiúcháin, Ardoifigeach

Feidhmiúcháin agus Príomhoifigeach Cúnta sa Státseirbhís; Forbairt Ceannaireachta agus Bainistíochta; Rialachas; Bainistíocht Riosca; Iniúchadh agus Árachas; Iniúchadh Inmheánach; Bainistíocht Airgeadais; Slándáil TF agus Cibearshlándáil; Cosaint maidir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus Sonraí; Bainistíocht Tionscadail; Dlí Riaracháin; Scileanna Seomra Cúirte; Éifeachtacht Phearsanta; Earcaíocht agus Roghnú; Gearán agus Araíonacht; Bainistíocht Feidhmíochta; agus Bainistíocht Acmhainní Daonna.

Lean an Foras air ag tairiscint clár le haghaidh ballraíochta fhoirmiúla de chomhlachtaí gairme lena n-áirítear an MII (Institiúid Eadránaithe na hÉireann) agus an CIPD (Institiúid Cairte Pearsanra agus Forbartha), chomh

maith le clár iniúchóireachta creidiúnaithe le CIPFA (Institiúid Cairte Airgeadais agus Cuntasáochta Poiblí). Bhí ár gclár seanbhunaithe ar eadráin san áit oibre atá creidiúnaithe ag MII (Institiúid Eadránaithe na hÉireann) ag mealladh líon maith rannpháirtithe i gcónaí. Cuireadh tús le naoú babhta an Teastas Bunleibhéil de chuid CIPD i gCleachtas Acmhainní Daonna ag deireadh 2018 agus lean an Dioplóma Bunleibhéil CIPD air ag tairiscint cosáin leantaigh dóibh siúd a chríochnaíonn an clár teastais. Leanadh den tsraith seimineár FGL do chuntasóirí agus gairmithe airgeadais na hearnála poiblí a thairgtear i gcomhar le heagraíochtaí cuntasáochta gairmiúla. Bhí sé ag tógáil i gcónaí ar an rath a bhí air sna blianta atá thart agus cuireadh ócáid bhrise ar siúl in 2018 a phléigh an téama 'Feidhmíocht a Fheabhsú' (Enhancing Performance) Taispeánadh samplaí de chásanna ar leith agus tionscnaimh eagraíochta nua a tugadh isteach ar fud na hearnála chun feabhas a chur ar rialachas agus ar thuairiscíú airgeadais agus feidhmíochta. Ar an lá tugadh láithreoireachtaí ar fheabhas a chur ar fheabhas a chur ar fheidhmíocht eagraíochta trí athrú bainistíochta agus tríd an ról atá ag comhlachtaí maoirseachta.

I gcomhpháirtíocht leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil sheol an Foras an dara Clár Céime Rialtais Áitiúil ar cuireadh tús leis le modúl ionduchtúcháin le linn samhradh na bliana 2018.

Le linn na bliana chuir an Foras sraith cúrsaí ar rialtas áitiúil ar fáil lena n-áirítear cúrsaí atá dírithe go háirithe ar thithíocht. Áiríodh orthu seo clár a bhfuil éileamh mór air, dar teideal A-Z an Rialtais Áitiúil in Éirinn, Bainistíú Fiachais agus roinnt cúrsaí teicniúla agus neamhtheicniúla atá dírithe go háirithe ar chleachtóirí tithíochta in údarais áitiúla. Áirítear orthu Caighdeán Chóiríochta na hEarnála Cíos, Buneolas ar Thithíocht Shóisialta, Riaráistí Cíos agus Morgáiste a sheachaint agus a Bhainistiú, Déileáil le hlompar Frithshóisialta, Córais Faisnéise a Bhainistiú, agus sraith seimineár idirnasctha dar teideal New Thinking for Housing. Bhí mór-éileamh i gcónaí ar chlár chreidiúnaithe teastais agus dioplóma atá dírithe go sonrach ar rialtas áitiúil. Bhí breis is 340 mac léinn ag gabháil dóibh siúd.

Agus é dírithe ar sheirbhísigh poiblí sinsearach agus ceaptha chun cumas ceannaireachta a fhorbairt, mheall an Clár Dúshlán Ceannaireachta foireann iomlán de bhainisteoirí sinsearach, dáréag duine san iomlán, as gach earnáil den tsairbhís poiblí, an rialtas lárnach agus áitiúil chomh maith le hearnálacha leath-stáit san áireamh. Seachadtair an clár i gcomhar le Cambridge Leadership Associates, Massachusetts,



Teresa Casserly
Stiúrthóir, Forbairt Ghnó,
Cheannaireachta agus Bainistíochta,
agus Seirbhísí Idirnáisiúnta



Aidan Horan
Stiúrthóir, Rialachas, Airgeadas,
Bainistiú Acmhainní Daonna agus
Teicneolaíocht Faisnéise

S.A.M. Bhí foireann teagaisc shinsearach ón John F. Kennedy School of Government ag Ollscoil Harvard agus foireann teagaisc Scoil Ghnó Warwick ag Ollscoil Warwick, san R.A. rannpháirteach. Tugtar deis do cheannairí sinsearach obair trí chur chuige ceannaireachta oiriúnaitheach i leith athraithe eagraíochtúil, dul chun cinn a dhéanamh maidir le dúshlán cheannaireachta agus saincheisteanna straitéiseacha reatha agus iad siúd a bheidh ag teacht, tuiscint a fhorbairt ar a gcuid cleachtas agus scileanna ceannaireachta agus tabhairt go gníomhach faoi chóitseáil an duine aonair ina mbaintear úsáid as ionstraimí cumais cheannaireachta 360°.

Ghlac cúigear bainisteoirí sinsearach is daichead ag a bhfuil ról riaracháin agus ról theicniúla ó chúig údarás áitiúla is fiche páirt sa Chlár Ceannaireachta in Rialtas Áitiúil a seachadadh san earrach agus sa bhfómhar i gcomhpháirtíocht le foireann teagaisc shinsearach ó Scoil Ghnó Warwick agus le cleachtóirí sinsearach sa chóras rialtais áitiúil. Tá an clár cónaithe ceithre mhodúil seo dírithe ar luach poiblí a sheachadadh trí cheannaireacht oiriúnaitheach i gceangal le cur chuige foghlama-gníomhartha i leith dúshlán cheannaireachta na rannpháirtithe. Tumtar na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí, stíleanna teagaisc agus cuir chuige éagsúla, tá mórán deiseanna foghlama idir píaraí acu agus tá teacht acu ar cheannairí sinsearach ó gach réimse den tseirbhís phoiblí chun radharc níos fairsinge a fháil agus tuiscint a fháil ar an dúshlán ceannaireachta faoi mar atá sé faoi láthair ina n-earnáil féin agus chun comhairle agus treoir a lorg maidir le deiseanna agus dúshlán ghairme atá rompu.

Lean an Fóram Rialachais air i mbun fáis agus foráis mar fhreagra don líon mór saincheisteanna agus dúshlán i dtaobh rialachais ar chaith baill an fhórais aghaidh a chur orthu. Rinne an Foras óstáil ar chúig imeacht déag san iomlán. I bhféilire na n-imeachtaí pléadh a lán saincheisteanna reatha maidir le rialachas. Bhí béim ar leith ar na téamaí seo a leanas: Tuairisciú Feidhmíochta Straitéisí; Cultúr, Iompar agus Eitic Rialachais; Bainistiú Riosca agus Inghlathacht Riosca; Coistí Iniúchóireachta agus Ionchais ag Ardú; Cur i bhFeidhm Straitéisí; Creatlacha Árachais agus Socruithe Cuntasachta; Róil agus Freagrachtaí Baill an Bhoird; Measúnuithe Boird agus Éifeachtacht Boird a Fheabhsú; Bainistiú Clú agus na Meáin; Airgeadas do Bhaill an Bhoird; agus Caidreamh idir Roinn agus Gníomhaireacht. De bhreis ar chlár na n-imeachtaí tionóladh dhá chruinniú speisialta comhcheime do rúnaithe boird agus cathaoirligh choistí iniúchóireachta inar cuireadh comhairle ábhartha phraiticiúil agus forbhreathnú ar fhorbairtí reatha sna réimsí rialachais tábhachtacha seo ar fáil.



Sa phictiúr (c-d) ag an 20ú Comhdháil um Acmhainní Daonna in Údarás Áitiúil, bhí Dave Barry, Comhairleoir Buanna/AD agus Seirbhísí Corparáide; Mary Pyne, Ceann Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáide, Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath; Teresa Casserly, Stiúrthóir, Forbairt Gnó, Ceannaireachta agus Bainistíocht agus Seirbhísí Idirnáisiúnta, an Foras Riaracháin; agus Daire Lynam, Stiúrthóir, Thomas International.

Ar chlár na n-imeachtaí áiríodh an Chomhdháil bhliantúil Rialachais a reáchtáladh ar an 23ú Márta agus inar tugadh faoin bpríomhthéama seo: 'Assurance Frameworks and Expectations - Sources of Assurance for Boards and Senior Executives' (Creatlaí Árachais agus Ionchais - Foinsí Árachais do Bhoird agus Feidhmeannaigh Shinsearach). Chuir na daoine seo a leanas leis an gcomhdháil seo a spreag a lán machnaimh: Niamh Larkin, Stiúrthóir ar an tSeirbhís Iniúchóireachta don Rialtas Áitiúil sa Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil; Brian Roberts, Iar-Uachtarán ar CIPFA (Institiúid Chairte um Airgeadas agus Cuntasaíocht Phoiblí), Stiúrthóir ar Seirbhísí Corparáide agus Leas-Phríomhfheidhmeannach ag Comhairle Chontae Leicestershire; Seán Fleming, TD, Cathaoirleach ar Choiste na gCuntas Poiblí; agus Ross Boreland, Cathaoirleach ar Institiúid na nIniúchóirí Imheánacha, Craobh na hÉireann.

Bhí baint ghníomhach ag foireann Rialachais an Fhorais i gcrúinnithe faisnéisithe faoi cheannaireacht agus chuir sí rannchuidiú agus sainchomhairle ar fáil do réimse leathan comhlachtaí leasa poiblí agus gníomhaireachtaí. De bhreis air seo chabhraigh an Fhoireann Rialachais agus aonaid speisialtóra le heagraíochtaí athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar chomhlánú oibleagáidí i gcúrsaí dlí, rialúcháin agus rialachais, i dtaobh athbhreithnithe ar éifeachtacht bhoird, cur i ngníomh córais bhainistithe riosca, measúnú boird agus coiste bhoird, meastóireachtaí cumais agus

seirbhísí a bhaineann leis, agus trí comhairle a chur orthu maidir le saincheisteanna rialachais éagsúla san earnáil phoiblí agus san earnáil stáit.

Ar na seirbhísí comhairlithe agus comhairliúcháin áiríodh sannacháin shuntasacha a leabaíonn socruithe riosca agus pleanála ghnó, bainistiú tionscadail agus cláir, tionscadail shuntasacha ar fhorbairt agus athrú eagraíochta. Bhí fás agus forás ag teacht ar a bhfuil á thairiscint againn sa réimse TF i gcónaí. Bhí éileamh ar oiliúint an úsáideora dheiridh, ar mheáin shóisialta agus ar chibearshláid. Cuireadh tacaíochtaí agus cláir nua sainoiriúnaithe i mbainistíocht tionscadail agus cláir ar fáil d'eagraíochtaí claint chun freastal ar éilimh atá ag teacht chun cinn sa réimse seo. I réimse na Bainistíochta Acmhainní Daonna soláthraíodh réimse sannacháin comhairleoireachta agus taighde ar réimsí lena n-áirítear athbhreithniú ar eagraíocht agus ar sholáthar foirne agus ar phá agus coinníollacha earnála.

Go hachomair, lean speisialtóirí an Fhorais orthu ag tacú le réimse leathan eagraíochtaí a raibh ag athrú mar chuid den bpróiseas athchóirithe ginearálta. Áirítear orthu eagraíochtaí sa rialtas lárnach agus sa rialtas áitiúil, gníomhaireachtaí leath-stáit agus comhlachtaí leasa poiblí. Tugadh an tacaíocht dóibh mar idirghabhálacha gairide foghlama agus forbartha, comhairle saineolaí, tacaíocht chomhairleach agus cóitseáil fheidhmeannach.

05

SEIRBHÍŚ IDIRNÁISIÚNTA



SEIRBHÍSÍ IDIRNÁISIÚNTA



Teresa Casserly
Stiúrthóir, Forbairt Ghnó,
Cheannaireachta agus Bainistíochta,
agus Seirbhísí Idirnáisiúnta

Le linn 2018 lean Seirbhísí Idirnáisiúnta lena sainchúram, is é sin, riarachán poiblí éifeachtach a chur chun cinn agus a fhorbairt go hidirnáisiúnta agus barrchleachtas a thaispeáint ó sheirbhís phoiblí na hÉireann. Threisíomar ár gcaidreamh le comhpháirtithe straitéiseacha atá againn cheana féin agus rinneamar comhghuallachtaí nua, leis.

Leanann Seirbhísí Idirnáisiúnta de bheith ag seachadadh maidir le clár tacaíochta do na Balcáin Thiar atá á mhaoiniú ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Bhuaile daoine ó Sheirbhísí Idirnáisiúnta le hOifig Leas-Phríomhaire na hAlbáine i mí Mheithimh 2018. Dá thoradh sin d'fhorbraíodar clár, agus sholáthraíodar é i mí na Samhna 2018 chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais forbartha atá ag grúpa lárnach seirbhíseach poiblí Albánach a roghnaigh an rialtas chun go rachaidís faoi oiliúint le bheith ina n-oiliúnóirí agus ina n-áisitheoirí agus chun a gcuid eolais, scileanna agus cumas a thabhairt chun cinn d'fhonn cláir, ceardlanna agus imeachtaí inspioráideacha rannpháirtíochta a fhorbairt amach anseo. Is é an chuspóir fhadtéarmach cumas oiliúnóra a thógáil sa chóras riaracháin phoiblí a chuirfidh ar chumas oiliúnóirí agus áisitheoirí cur le tionscnaimh shuntasacha athraithe a cheapadh agus a sheachadadh faoin gclár oibre um athchóiriú, rud lena n-áirítear oiliúint a chur ar sheirbhísigh phoiblí ar fud institiúidí seirbhíse poiblí i réimse an tsoláthair chúraim don gcustaiméir agus an tsoláthar seirbhíse.

Ag leanúint ar aghaidh óna chuid oibre in 2017 ar an tionscadal EuropeAid 'Technical Assistance on Strengthening National Civil Service Training Institutions, Myanmar' (Cúnamh Teicniúil ar Threisíú Institiúidí Oiliúna na Státseirbhíse, Maenmar) ina raibh saineolaí ar Bhainistíocht Acmhainní Daonna ag obair go lánaímseartha idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2017 i Maenmar ar Bhord Státseirbhíse an Aontais (UCSB), chuir Seirbhísí Idirnáisiúnta fáilte roimh thoscaireacht shinsearach oifigeach ón UCSB go hÉirinn i mí Bhealtaine 2018. Is é ba chuspóir don gclár a mhair ar feadh seachtaine cur le cumas na foirne UCSB dul i mbun ceannaireachta maidir le córais bhainistíochta státseirbhíse Mhaenmar a nuachóiriú trí bharrchleachtais idirnáisiúnta i nuachóiriú státseirbhíse a shainaithint agus chun tuiscint a thabhairt don UCSB ar a thábhacht agus atá feidhm láidir Bainistíochta in Acmhainní Daonna in eagraíochtaí stáit agus conas mar a bhaintear amach a leithéid. De bheis air seo thug an clár faoi chleachtais nua-aimseartha i mbainistíocht oiliúna, go háirithe trí chuir chuige maidir le measúnú riachtanais, forbairt curaclaim agus meastóireacht oiliúna a thabhairt isteach.

Lean an Caidreamh straitéiseach idir an bhForas Riaracháin agus Oifig Coimisiún na Státseirbhíse (OCSC) Ríocht Ríoga na Téalainne ag fás agus ag forbairt le Linn 2018. I mí Aibreáin bhuaile bainistíocht shinsearach an Fhorais le toscaireacht shinsearach ón OCSC faoi cheannas an Leas-Phríomhaire, an tUas. Wissanu Krea-ngam ó Ríocht Ríoga na Téalainne. Ina dhiaidh sin, i mí Iúil, tháinig cúigear státseirbhíseach déag ón Téalainn ar cuairt chun freastal ar chlár coicise ar Ardghnóthacht agus Ardcheannaireacht Poiblí. Ar na thopaicí a pléadh sa chlár seo áiríodh foghlaim agus forbairt i státseirbhís na hÉireann, bunphrionsabail agus modheolaíochtaí bainistíochta tionscadail, a bheith i gceannas le héirimiúlacht mhothúcháin, feidhmíocht a bhainistiú agus cultúr na feidhmíochta a fhorbairt, agus smaointeoireacht chriticiúil dóibh siúd a bheidh ina gceannairí amach anseo. I bpríomhchomhpháirt an chlár bhí na rannpháirtithe ag sainaithint cuir chuige chomhroinnte i leith a gcuid dúshláin cheannaireachta féin agus ag obair orthu. Cuireadh i láthair iad ansin do phainéal comhghleacaithe a roghnaíodh ó chóras riaracháin phoiblí na hÉireann, dream a rinne léirmheas ar an obair. Lena chois sin bhí deis acu bualadh le hoifigigh shinsearach sa Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath agus Google, sa mbreis ar cuairt a thabhairt ar Thithe an Oireachtais.

Tá comhpháirtíocht déanta le Seirbhísí Idirnáisiúnta le ÉNA (École Nationale d'Administration) chun tionscadal a chur i bhfeidhm i dteanna a chéile i Scoil Náisiúnta an Riaracháin Phoiblí sa Rómáin, d'fhonn leibhéal a chuid seirbhíse a chur chun cinn ar an iomlán agus chun inniúlachtaí nua a chothú. Cabhróidh an tionscadal atá ag fáil maoiniú tacaíochta ó Sheirbhís Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrtha de chuid Choimisiún an AE chun straitéis eagraíochta nua a cheapadh agus chun aonad taighde/nuálaíochta a fhorbairt. Ina theannta sin cabhróidh sé chun uirlisí foghlama nuálacha a shainaithint agus a bhrandáil a chur chun cinn. Meastar na bearta seo um athchóiriú a bheith ina gcéimeanna tábhachtacha chuig comhlíonadh na bpleananna atá ag an tír sin chun an riarachán poiblí ar an iomlán a athchóiriú.

Táimid rannpháirteach i gcónaí i gcruinnithe de chuid DISPA (Stiúrthóirí Institiúidí agus Scoileanna Riaracháin Phoiblí) agus i ngnóthaí na hÁise ar fóram é a thóg air féin naisc ghnó agus tuiscint eolach a chothú idir an Áise, an AE agus Éire d'fhonn fás eacnamaíochta a chur chun cinn.

06

LEABHARLANN & SEIRBHÍSÍ EOLAIS



LEABHARLANN & SEIRBHÍSÍ EOLAIS



Michelle Dalton
Leabharlannaí

Is é an Foras an t-aon eagraíocht sa tír seo a bhfuil sainleabharlann don riarachán poiblí aige. Tá an leabharlann dírithe ar chomhairle agus rochtain ar fhaisnéis a chur ar fáil trí leabhair, irisí agus trí acmhainní ar líne.

Cuireann an Leabharlann atá suite i mBóthar Lansdún, seirbhís iasachta, seirbhís thagartha agus seirbhís eolais ar fáil do mhicléinn, fhoireann agus baill an Fhorais. De bhreis air seo freagraítear ceisteanna ó dhaoine eile tríd an nguthán nó trí ríomhphost. Tugtar rochtain ar leabhair, irisí, bunachar sonraí leictreonacha, tuairiscí, staitisticí agus foilseacháin oifigiúla i réimse ghinearálta na bainistíochta poiblí. Clúdaíonn an tseirbhís seo réimse leathan ábhar lena n-áirítear bainistíocht, eacnamaíocht, socheolaíocht, dlí, coireolaíocht, sláinte, airgeadas agus rialtas áitiúil. Tá ionad na leabharlainne mar phríomhfhoinsé náisiúnta i réimse na bainistíochta poiblí agus an riaracháin phoiblí daingnithe mar thoradh ar bhailiúchán fíor-speisialta a fhorbairt agus a chothú.

Is í aidhm na Leabharlainne ná an fhaisnéis cheart agus na hacmhainní cearta a chur ar fáil sa bhformáid is oiriúnaí i dtráth cuí do réimse cliant atá ilghnéitheach agus atá scaipthe ar réimse fhairsing gheografach. Lena chois sin cuireann an Leabharlann cultúr an chleachtais a bhfuil cleachtas taighde agus cinnteoireacht atá bunaithe ar thaighde mar bhonn eolais aige. Tá seomraí léitheoireachta ar fáil chun staidéar a dhéanamh, chun leabhair a léamh agus a fháil ar iasacht agus chun teacht a fháil ar acmhainní leictreonacha. Is féidir le micléinn chianoideachais leas a bhaint as an tseirbhís Leabharlainne tríd an ghuthán, trí ríomhphost nó trí rochtain ar bhunachair shonraí leictreonacha agus ar na mílte alt irise lán-téacs trí shuíomh gréasáin an Fhorais Riaracháin. Is féidir ábhair nach bhfuil á gcoinneáil ag an leabharlann a iarraidh trí sheirbhís iasachta idirleabharlainne agus is féidir earraí a sholáthar mar chóip chrua nó mar chóip leictreonach.

Le linn an téarma bíonn an Leabharlann oscailte ó 9.15 a.m. go 8.00 p.m. Luan go Déardaoin, agus go dtí 5.15 p.m. ar an Aoine. Lena chois sin bíonn amanna oscailte teoranta i bhfeidhm ar fhormhór de Shathairn le linn an téarma. Tá eolas iomlán agus an t-eolas is deireanaí maidir le huaireanta oscailte ar fáil ar shuíomh gréasáin an Fhorais Riaracháin.

07

FOILSITHEOIREACTH



FOILSITHEOIREACHT



An Dr Richard Boyle
Ceann Taighde, Foilsitheoireachta
agus Caidrimh Chorpáide

Tá obair an Rannóg Foilseacháin, mar chuid de Scoil Rialtais agus Bhainistíochta Whitaker, nasctha leis na gníomhaíochtaí oideachais agus taighde ginearálta a bhíonn

idir lámha ag an bhForas agus cuireann sé bunachar eolais agus faisnéise tábhachtach ar fáil chun bonn eolais a thabhairt do chleachtas an riaracháin phoiblí. Sa bhliain 2018 críochnaíodh roinnt tionscadal agus cuireadh tús le roinnt tionscnaimh fhoilsitheoireachta nua.

LEABHAIR A FOILSÍODH

De réir straitéis foilsitheoireachta an Fhorais atá faoi mhaoriseacht Choiste Foilsitheoireacht Leabhar an Fhorais críochnaíodh roinnt téacsanna nó faomhadh i gcomhair a bhfoilsithe iad. Áirítear orthu seo:

- *Envoy Extraordinary: Professor Smiddy of Cork*, le Eda Sagarra. Chuir Timothy Aloysius Smiddy (1875-1962) le teacht chun cinn an stáit idir pholaitiúil, eacnamaíoch, thaidhleoireacht agus oideachas. Cé gur bhain Smiddy a lán rudaí amach nár baineadh amach roimhe agus cé go raibh ról ar leith aige mar chomhairleoir don chéad triúr ceann ar an Rialtas Sealadach

agus an Saorstát níl mórán aithne air i staireolaíocht na hÉireann. Leis an bhfoilsheachán seo ceartaítear an scéal seo. Micheál Martin TD, Ceannaire an Pháirtí Fianna Fáil, a sheol an leabhar go foirmiúil i mí Bhealtaine.

- *No Artificial Limits: Ireland's Regional Technical Colleges*, le Richard Thorn; Sa leabhar seo pléitear stair agus forbairt coláistí teicniúla réigiúnacha na hÉireann. Is é seo an téacs údarásach ar fhorbairt na sraithe tábhachtaí seo den riarachán poiblí san earnáil oideachais. Ba é Mary Mitchell O'Connor, TD. Aire Stáit um Ardoideachas, a sheol an leabhar i mí Feabhra.
- *Judicial Power in Ireland*, le Eoin Carolan (eag.); Mórbair atá curtha in eagar í seo le rannchuidiú ó roinnt breithiúna, lucht dlí acadúil agus saineolaithe iomráiteacha. Imleabhar comhlántach is ea é le leabhair atá foilsithe ag an bhForas ar chraobh na reachtaíochta agus an fheidhmeannais chun plé a dhéanamh ar thrí cholún an



Sa phictiúr (c-d) ag seoladh *Local Government in the Republic of Ireland* bhí an Dr. Richard Boyle, Ceann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidrimh Chorpáide, An Foras Riaracháin; An Dr. Mark Callanan, údar, aoi oinigh John Paul Phelan TD, Aire Stáit ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil; agus an Dr. Marian O'Sullivan, Ard-Stiúrthóir, An Foras Riaracháin.



Sa phictiúr (c-d) ag seoladh *Irish Parliamentarians: Deputies and Senators 1918-2018* bhí an t-aoi oinigh Ceann Comhairle Seán Ó Fearghail, TD; An Dr. Anthony White, údar; agus an Dr Marian O'Sullivan, Ard-Stiúrthóir, An Foras Riaracháin.

stáit. Ba é an Breitheamh Onórach Frank Clarke, Príomh-Bhreitheamh, a sheol an leabhar go foirmiúil i mí Mheithimh.

- *Local Government in the Republic of Ireland* le Mark Callanan. Sa leabhar seo tugtar eolas tosaigh do léitheoirí ar chóras an rialtais áitiúil i bPoblacht na hÉireann. Dírítear go mór mór ar rialtas áitiúil na linne seo sa leabhar seo. Ba é John Paul Phelan, TD, Aire Stáit ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a sheol an leabhar i mí Mheán Fómhair.
- *Irish Parliamentarians: Deputies and Senators 1918-2018* le Anthony White. Leabhar uailmhianach é seo a rinneadh chun comóradh a dhéanamh ar chéad bhliain ón chéad thoghchán chuig Dáil Éireann i mí na Nollag 1918 agus ar chéad chruinniú na Dála i mí Eanáir 1919. Tugtar beathaisnéisí gearra ar na daoine uile a bhí ina mbaill den Dáil nó den Seanad nó den dá rud. Áirítear orthu mórán a bhí ar na daoine ba shuntasai a chuir leis an chéad chéad de stát na hÉireann. Ba é an Ceann Comhairle, Seán Ó Fearghail, TD, a sheol an leabhar go foirmiúil i mí na Samhna.

Lena chois sin foilsíodh roinnt, tuarascálacha thar ceann Rannóg Taighde an Fhorais. Áirítear orthu:

- *A Case Study of the EPA-RPII Merger* [An tSraith Bail na Seirbhíse Poiblí Páipéar Taighde Uimh. 22] le Joanna O'Riordan;
- *Public Sector Trends 2018* [An tSraith Bail na Seirbhíse Poiblí Páipéar Taighde Uimh. 23] le Richard Boyle;
- *Local Economic Development: An Overview of the Economic Development Role of Local Authorities in Selected Jurisdictions* [An tSraith Thaighde um Rialtas Áitiúil Páipéar Uimh. 13] le Laura Shannon;

- *Local Government as Local Service Coordinator: Case Study of Ireland's Age Friendly Cities and Counties Programme* [An tSraith Thaighde um Rialtas Áitiúil Páipéar Uimh. 14] le Laura Shannon.

IRELAND – A DIRECTORY

Bronnadh an chéad chóip de *Ireland - A Directory 2019* de chuid an Fhorais ar an Taoiseach. I dteannta an Fhoilseacháin foilsíodh aip an Fhorais Riaracháin ina bhfuil sonraí ar fad an Eolaire den chéad uair riamh. Tá an tEolaire cúig bliana is fiche ar an bhfód

agus glactar leis gurb é an bhunachar sonraí is cuimsithí in Éirinn é faoi eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha. Tá tuairim is 9,000 eagraíocht san áireamh san eagrán deiridh. Áirítear orthu ranna rialtais, údarais áitiúla, gníomhaireachtaí deonacha, eagraíochtaí trádála agus gairmiúla, bainc mharsantacha, gníomhaireachtaí fógraíochta, institiúidí tríú leibhéal, stáisiúin raidió neamhspleacha, na meáin agus forais de chuid an AE. Ba é Heather Humphreys, TD, Aire Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta a sheol an tEolaire go foirmiúil i mí na Nollag.

ADMINISTRATION JOURNAL (AN IRIS ADMINISTRATION)

Foilsíodh ceithre eagrán d'iris an Fhorais, *Administration*, i gcaitheamh na bliana. Áiríodh orthu seo dhá eagrán speisialta ar thithíocht agus ar rialachas áitiúil i dTuaisceart Éireann. Tá teacht saor in aisce ar fáil ar líne ar gach alt ó imleabhar 63 ar aghaidh:

<https://content.sciendo.com/view/journals/admin/admin-overview.xml>

COMHAIRLEOIREACHT FOILSITHEOIREACHTA

Lean Rannóg na bhFoilseachán uirthi ag cur saineolais ar fáil ó thaobh tionscadail foilsitheoireachta a tháirgeadh agus a bhainistiú ar son eagraíochtaí eile na hearnála poiblí. Thar ceann Acadamh Ríoga na hÉireann d'fheidhmiomar mar chomhairleoirí foilsitheoireachta le haghaidh *Documents on Irish Foreign Policy Imleabhar XI*. Cuireadh an *Irish Probation Journal* le chéile thar ceann na Seirbhíse Promhaidh agus Bord Promhaidh Tuaisceart Éireann (foilseachán Thuaidh/Theas).



An tAire Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta, Heather Humphreys, TD agus an Dr. Richard Boyle, Ceann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidrimh Chorpóraide, An Foras Riaracháin, ag seoladh *Ireland - A Directory 2019*.

08

BUAITEOIRÍ GRADAM & DUAISEANNA



BUAITEOIRÍ GRADAM & DUAISEANNA



Sa phictiúr (c-d) ag bronnadh céimeanna an Fhorais 2018 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Deirdre McCarthy, Uas., BA (Onór.) i mBainistíocht, An tUas. Brian Cagney, Teastas Gairmiúil i Rialachas; agus Lynn Jackson, Uas., BA (Onór.), Bainistíocht Acmhainní Daonna.

Bronnadh dioplómaí, céimeanna baitsiléara agus céimeanna iarchéime ar 980 macléinn san iomlán le linn 2018. Bhí na searmanais bhronnta ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath Dé hAoine an 14 Nollaig 2018. Ba iad seo a leanas na duaiseanna a bronnadh ag na searmanais seo:

Macléinn Fochéime na Bliana 2018 de chuid Scoil Whitaker Rialtais agus Bainistíochta

An Chéad áit: Maria Elena Costa Sa

Macléinn Iarchéime na Bliana 2018 de chuid Scoil Whitaker Rialtais agus Bainistíochta

An Chéad áit: Conor Quinlan

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Cúram Sláinte)

An Chéad áit: Denise Keogh

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An Chéad áit: Seán Murray

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht TF)

An Chéad áit: Louise Fagan

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Dlí & Riarachán Ceartais)

An Chéad áit roinnte: Stephen Coleman, Michael McKenna

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Rialtas Áitiúil) & Faighteoir an Ghradaim um Ghnóthachan Acadúil de chuid Chomhairle Chontae Chorcaí

Jonathan Dunne

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht)

An Chéad áit: Katie Hume

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Phoiblí)

An Chéad áit: Maria Elena Costa Sa

Teastas Gairmiúil i Rialachas

An Chéad áit roinnte: Laura Galligan, Patrick Murray

Máistreacht Ealaíon (Dlí Coiriúil)

An Chéad áit: Andrew Payne

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Cúram Sláinte)

An Chéad áit roinnte: Andrea Marron, Maeve McCutcheon

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An Chéad áit: Valerie Lucey

Máistreacht Ealaíon (Ceannaireacht agus Straitéis)

An Chéad áit: Alan Byrne

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Rialtais Áitiúil)

An Chéad áit: Anita McLoughlin

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Phoiblí)

An Chéad áit: Conor Quinlan

Dioplóma Iarchéime i mBainistíocht Phoiblí

An Chéad áit roinnte: Melanie Campbell, James Maher

Máistreacht in Eolaíocht Eacnamaíochta in Anailís Bheartais

An Chéad áit roinnte: Cathal Kelly, Gráinne Roughan

BUAITEOIRÍ GRADAM & DUAISEANNA

Dioplóma larchéime in Anailís Bheartais

An Chéad áit: Lynda Conlon

Máistreacht Eolaíochta i nGnó agus Bainistíocht (Bainistíocht Airgeadais)

An Chéad áit: Aidan Mahony

Máistreacht Eolaíochta i nGnó agus Bainistíocht (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An Chéad áit roinnte: Fergus Feely, Julie O'Hara

Dioplóma Gairmiúil in Eacnamaíochtaí Sláinte

An Chéad áit: Shane Toolan

Dioplóma Gairmiúil i Staidéar Tithíochta

An Chéad áit: Catriona Lawlor

Dioplóma Gairmiúil i gCearta Daonna agus Comhionannas

An Chéad áit roinnte: Mary Gregg, Niamh Randall

Dioplóma Gairmiúil i mBainistíocht Athraithe

An Chéad áit: Gráinne Ní Chonchúir

Dioplóma Gairmiúil i Staidreamh Oifigiúil le haghaidh Measúnú Beartais

An Chéad áit: Helen McHenry

Teastas Gairmiúil i mBainistíocht Togra

An Chéad áit: Maurice O'Donnell

Dioplóma Gairmiúil i Soláthar Poiblí

An Chéad áit: Ken Maddock

Teastas Gairmiúil i Rialachas

An Chéad áit: Patricia Greaney

Baitsiléir i Staidéar Gnó (Onór.) (Cuntasaíocht) agus Faighteoir Duais Bhliantúil CIMA

Orla Curtis

Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór.) (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An Chéad áit: Martina Hoare

Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór.) (Bainistíocht Córais Faisnéise)

An Chéad áit: Emily Young



Sa phictiúr (c-d) ag bronnadh céimeanna an Fhorais 2018 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí An tUas. Ciarán Gaynor, Bait. Staid. Gnó (Onór.); Grace McCormack Macken Uas., Dioplóma Gairmiúil i mBainistíocht Togra; agus an tUas. Patrick Lane, Bait. Staid. Gnó (Onór.).

Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór.) (Margaíocht)

An Chéad áit roinnte: Patrick Lane, Sharon O'Flaherty

Dioplóma i Staidéar Gnó

An Chéad áit: Louise Clarke

Dioplóma i Staidéir Státseirbhíse agus Gníomhaireachtaí Stáit

An Chéad áit: Elizabeth Glennon

Dioplóma i Staidéar Ríomhaireachta

An Chéad áit: Beth Breslin

Dioplóma i mBainistíocht Chúram Sláinte

An Chéad áit: Keith Durning

Dioplóma i mBeartas Seirbhísí Sláinte

An Chéad áit: Bernadette Crowe

Dioplóma i mBainistíocht Acmhainní Daonna

An Chéad áit: Sonya Hyland

Dioplóma i nDlí

An Chéad áit: Janet Farrell

Dioplóma i Staidéar Rialtais Áitiúil

An Chéad áit roinnte: Catriona Bambrick,
Aidan Cunningham, Cathal Quaid

Dioplóma i mBainistíocht

An Chéad áit: Anne-Marie Kierans

Dioplóma i mBainistíocht Togra

An Chéad áit roinnte: Hilary Gibson,
Patricia Martí Barahona

Dioplóma i mBainistíocht Phoiblí

An Chéad áit: Luda Connolly



Sa phictiúr (c-d) ag bronnadh céimeanna an Fhorais 2018 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí an tUas.
Robert Comerford, Baitsiléir Ealaíon (Onór.) Dlí agus Riaradh Ceartais; Anna O'Connor, Uas., Teastas
Gairmiúil i Rialachas; agus Laura Ruth Wogu, Baitsiléir Ealaíon (Onór.), Bainistíocht Acmhainní Daonna.

09

FOR-ROCHTAIN



FOR-ROCHTAIN

Faoi mar a cuireadh in iúl i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, is é an Foras an eagraíocht atá tiomnaithe d'fhorbairt ghairm na seirbhíse poiblí. Dá thoradh sin, bítear ag brath go leanúnach ar shaineolas foireann an Fhorais i slite eile seachas soláthar seirbhísí díreach.

I gcaitheamh na mblianta ainmníodh agus comh-thoghadh baill foirne speisialtóireachta chuig réimse bord, comhlachtaí agus coistí rialachais sa stát agus san earnáil phoiblí níos leithne mar bhaill agus mar chathaoirligh neamhspleácha gan fheidhm fheidhmiúcháin a bheith acu. Bhí na ról seo acu i gcónaí in 2018 agus áiríodh orthu poist ar choistí iniúchóireachta agus coistí riosca sa rialtas lárnach agus sa rialtas áitiúil agus i gcomhlachtaí agus i ngníomhaireachtaí rialúcháin agus stáit. Lena chois sin rannchuidigh baill foirne de chuid an Fhorais agus d'fheidhmíodar mar chathaoirligh ar choistí saineolais sa rialtas áitiúil i dtaobh réimsí ar nós athbhreithnithe teorann. Tá an tArd-Stiúrthóir ina bhall de roinnt líonraí Eorpacha agus líonraí ECFE chinn scoile agus institiúidí riaracháin phoiblí ar fud an domhain.

Déanann an Foras éascaíocht do roinnt líonraí neamhfhoirmiúla chun barrchleachtas a scaipeadh agus eolas, taithí agus saineolas a roinnt. Mar shampla, tacaíonn an Foras le líonra príomhfheidhmeannaigh chomhlachtaí stáit, le líonra cinn riaracháin i ngníomhaireachtaí stáit agus le fóram do chathaoirligh ar ghrúpálacha éagsúla na hearnála poiblí.

Le linn 2018, d'óstaigh an Foras roinnt seimineár maidine chun comhphlé agus díospóireacht a chur chun cinn i measc státseirbhíseach sinsearach agus fostaithe sinsearacha na seirbhíse poiblí ar cheisteanna tábhachtacha.

10

FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS



FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Leagtar amach sna Ráitis Airgeadais seo a leanasmionsonraí oibríocht airgeadais an Fhorais i leith na bliana go dtí an 31 Nollaig 2018.

Sa bhliain 2018 bhí feidhmíocht airgeadais láidir ag an bhForas uair eile agus é ag tógáil ar an rath a bhí aige in 2016 agus 2017. Dá thoradh sin bhí barrachas €119 míle aige.

Léiríonn an barrachas seo méadú ar na leibhéil ghníomhaíochta ar fud timpeallacht trádála dhúshlánach iomaíoch an Fhorais faoi mar atá curtha in iúl ag mo chomhghleacaithe i Rannóga an Oideachais, Oiliúna, Taighde agus Foilsitheoireachta.

Bhí tuillimh an Fhorais comhdhéanta de sheirbhísí oiliúna agus idirnáisiúnta (34.3%), ioncam ó tháillí oideachais (37.6%), ioncam ó thaighde (2.6%), ioncam ó fhoilseacháin agus ó bhallraíocht (4.6%), scaoileadh deontais chaipitil (1.1%) agus deontas ón rialtas (19.8%) arna íoc ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tháinig méadú beag ar chostais dhíreacha an Fhorais (costais a thabhaítear trí chlár oideachais agus oiliúna an Fhorais a reáchtáil) le linn 2018 mar thoradh díreach ar an Foras ag cruthú go láidir i gcúrsaí trádála. Tháinig méadú ar chostais tuarastail mar thoradh ar athchur pá áirithe agus de réir mar a tháinig méadú ar ghlacadh lenár bpunann táirgí agus seirbhíse; lena chois sin tháinig méadú beag ar ár gcostais chomhlach.

Ós rud é go bhfuil scéim phinsin á hoibriú ag an bhForas thar ceann an Státhiste ag an bpointe seo caitear leis an ranníocaíocht phinsin bhliantúil mar 'ranníocaíocht chuig an Státhiste' sna Ráitis Airgeadais. Leanann leibhéal na ranníocaíochta pinsin ón bhfostóir mar a bhíodh roimhe seo (ag 34.6% de thuarastail) tar éis don gciste a bheith aistrithe chuig Cúlchiste Náisiúnta Pinsin. In 2018, ba é €1.64 milliún an ranníocaíocht seo, méadú beag i gcomparáid le 2017 a léiríonn na méaduithe tuarastail mar a sainathnódh thuas.

Tá na costais mhaoinithe ar an áis iasachta fadtéarmaí a úsáideadh chun Uimh. 55, Bóthar Lansdún a cheannach (ceannaithe i lár 2006), bunaithe ar rátaí úis idirbhainc de chuid an Bhainc Cheannais Eorpaigh. Leanadar sin ar aghaidh ag bonn íseal le linn 2018. Dá thoradh sin gearradh ús bliana iomláine €14,768, ar laghdú é i gcomparáid le muirir na bliana €2017.

Ó thaobh cúrsaí bainistíocht airgeadais de, bhí an Foras ag cruthú go maith i gcónaí. Bhí fás ar a phróifíl airgeadais ar feadh 2018 ar fad. Lena chois sin tá cúlchistí Clár Comhardaithe an Fhorais go maith i gcónaí le. €13.6 milliún.

IONCHAS AIRGEADAIS LE HAGHAIDH 2019

Mar a dúradh thuas bhí feidhmíocht airgeadais an Fhorais go maith in 2018 agus meastar go leanfaidh sí ar aghaidh mar seo isteach i 2019.

Tá deontas bloic an Fhorais mar a bhí, is é sin €2.725 milliún i gcomhair 2019, (an méid céanna agus a bhí ann in 2018). Tacaíocht dhearfach í seo óna mháthar-roinn.

Buiséadú do lamháltas 2019 de €12.5 milliún atá déanta ag an bhForas le barrachas buiséadaithe €26 míle. Tá sé i gceist ag an bhForas leanúint ar aghaidh le hearcaíocht réasúnta i bpríomhréimsí chun leanúint de bheith ag soláthar a phunann táirgí agus seirbhísí agus leas a bhaint as deiseanna gnó a d'fhéadfadh teacht chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.

COMHLÍONADH

Chomhlíon an Foras a chuid oibleagáidí maidir le hairgeadas, cánachas agus rialáil le linn 2018 agus lean sé air ag déanamh athbhreithnithe ar a chuid struchtúir rialachais chorparáidigh agus iad a nuashonrú de réir *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* 2016. Ag an deireadh glacadh le Lámhleabhar Rialachais an Fhorais Riaracháin.

Geallann an Foras Riaracháin ceannaireacht a thaispeáint i mbainistíocht earnála poiblí, agus in 2019 tá sé i gceist infheistíocht a dhéanamh i bhfeidhm soláthair comhlíontach a oireann don gcuspóir ar fud an Fhorais. Bainfear luach ar airgead amach dá thoradh agus tacófar le tuilleadh éifeachtaí i ndáil le húsáid a bhaint as acmhainní an Fhorais Riaracháin.

BAINISTÍOCHT SHINSEARACH AN FHORAIS



AN DR MARIAN O'SULLIVAN
Ard-Stiúrthóir
mosullivan@ipa.ie



AN DR MICHAEL MULREANY
Ard-Stiúrthóir Cúnta,
Oideachas agus Taighde
mmulreany@ipa.ie



NOREEN FAHY
Stiúrthóir, Airgeadas agus
Seirbhísí Corparáide
nfahy@ipa.ie



TERESA CASSERLY
Stiúrthóir, Forbairt Ghnó,
Cheannaireachta agus Bainistíochta,
agus Seirbhísí Idirnáisiúnta
tcasserly@ipa.ie



AIDAN HORAN
Stiúrthóir, Rialachas, Airgeadas,
Bainistiú Acmhainní Daonna agus
Teicneolaíocht Faisnéise
ahoran@ipa.ie



AN DR RICHARD BOYLE
Ceann Taighde, Foilsitheoireachta
agus Caidrimh Chorporáide
rboyle@ipa.ie



KATHERINA MCCAUL
Stiúrthóir, Acmhainní Daonna,
agus Rúnaí Cuideachta
kmccaul@ipa.ie
